# AR CHUALA TÚ?

## 'Aistear na Scoile'



D'eagair Pleanáil Teanga Chonamara Láir, i gcomhar le Gaeloideachas agus Energia, an ócáid bhríomhar seo ar an 8ú Márta (le linn Sheachtain na Gaeilge) i Halla Pobail Chill Chiaráin chun ceiliúradh a dhéanamh ar 'Buddies Gaeilge', scéim a cuireadh i bhfeidhm i mbunscoileanna an cheantair, agus deis chun aitheantas a thabhairt do na Coistí Gaeilge sa dá mheánscoil. Tapaíodh an deis agus tugadh cuireadh do na naíonraí atá ag feidhmiú sa cheantar agus d'eagraíochtaí atá dírithe ar oideachas/seirbhísí trí Ghaeilge do theaghlaigh. Socraíodh an teideal 'Aistear na Scoile' a thabhairt ar an ócáid mar go raibh béim á cur ar an nasc idir an luathoideachas, an bunoideachas, agus an t-oideachas dara leibhéal.

Thug Niamh Ní Chróinín, láithreoir Cúla 4 agus bean an tí don tráthnóna, na Buddies Gaeilge ar stáitse agus bronnadh teastais agus trófaithe orthu. Ansin tugadh aníos na hionadaithe ó Choistí Gaeilge Scoil Phobail Mhic Dara agus Choláiste na bPiarsach agus fuair siad geansaithe speisialta.

Bhí an t-ádh linn go raibh aoichainteoirí iontacha linn an tráthnóna sin chun tábhacht na Gaeilge agus an tumoideachais a mheabhrú do thuismitheoirí agus don phobal. Thug Dónall Ó hAiniféin, príomhoide Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Inis agus Iar-Uachtarán Ghaelscoileanna Teo., óráid phaiseanta faoin ár dteanga agus faoi na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas. Mheabhraigh sé do no Buddies Gaeilge gur 'laochra' iad. Ansin labhair Caitlín Ní Chualáin, Eagraí Stiúrtha Clár RTÉ Raidió na Gaeltachta agus buaiteoir Chorn Uí Riada, faoina taithí féin agus an cinneadh éasca a bhí ann di a chlann á thógáil le Gaeilge. Ní amháin sin, ach chas sí an t-amhrán 'Na Buachaillí Bána' agus í ar stáitse.

Bhí neart siamsaíochta eile ar siúl chomh maith. Chuir na ceoltóirí óga ó Scoil Phobail Mhic Dara, Grace Nic an Iomaire, Katie Ní Loideáin, Naoise Ó Bolguidhir agus Nóra Bairéad, tús agus deireadh leis an ócáid le chúpla



port spleodrach. Idir na cainteanna, tháinig Bláithín Ní Mháinín, scoláire ó Choláiste na bPiarsach, agus Méabh Ní Chualáin, beirt damhsóirí ó Scoil Rince *Ré Órga*, chun stáitse agus bhí gach duine faoi dhraíocht ag a dtaispeántas damhsa Gaelach.

Mar a luadh thuas, bhí eagraíochtaí i láthair ag an ócáid agus bhí seastáin acu chun deis a thabhairt do thuismitheoirí eolas a bhailiú faoin aon díon amháin maidir leis na seirbhísí agus na tacaíochtaí éagsúla a chuireann siad ar fáil. Ina measc bhí Gaeloideachas, Tuismitheoirí na Gaeltachta,





Ealaín na Gaeltachta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, COGG, Gael Linn, foireann ó Ionad Breisoideachais an Chaisil agus Ghlinsce, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe agus Breacadh. Caithfear buíochas a glacadh leo seo a leanas - mar a deir an seanfhocal 'Ní neart go cur le chéile' agus cinnte is fíor sin nuair a bhíonn ócáid mar seo á heagrú:

-Gaeloideachas, go háirithe Joe Mac Donnacha, a thug cúnamh coincheap na hócáide a fhorbairt

· Na seastáin ar fad a bhí sásta a gcuid ama a thabhairt le bheith i láthair an tráthnóna sin agus eolas a thabhairt don phobal

· Coiste Stiúrtha Phleanáil Teanga Chonamara Láir

· Forbairt Chonamara Láir Teo. agus go háirithe an tOifigeach Forbartha Máirín Ní Choisdealbha-Seoige

· Clíona Ní Chualáin agus foireann Tigh Mheaic a bhí i mbun lónadóireachta agus a chur sólaistí blasta ar fáil mar is gnáth

· Simon Ó Baoill (Grianghrafadóir) & Áine agus Molscéal a rinne roinnt taifeadta ar an ócáid

· Coiste Halla Pobail Chill Chiaráin (go háirithe Tomás Ó hAllmhuráin) as an ionad a chur ar fáil dúinn

· Na ceoltóirí ar fad agus na péintéirí éadan ó SPMD

· Bláithín Ní Mhainín agus Méabh Ní Chualáin - Scoil Rince *Ré Órga*

· Naíonraí an cheantair

· Príomhoidí/baill foirne na scoileanna ar fad atá sa cheantar

· Na haoichainteoirí, Dónall agus Caitlín, as na hóráidí spreagúla

· Bean an Tí, Niamh Ní Chróinín, a thug beocht iontach agus fuinniúil don ócáid



Caithfidh muid buíochas speisialta a ghlacadh le na 'Buddies Gaeilge' ó na scoileanna ar fad - Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus, Scoil Naomh Bhriocáin, An Gort Mór, Scoil Mhuire Ros Muc, Scoil Naomh Ciarán, Scoil na hAirde Móire, Scoil Mhuire Carna, Scoil Cholmáin, Muigh-Inis, Scoil na hAirde Thiar - agus le daltaí na gCoistí Gaeilge as Scoil Phobail Mhic Dara & Coláiste na bPiarsach. Bhí sé iontach an t-aitheantas atá tuillte go mór acu a thabhairt dóibh ag an ócáid. Ar ndóigh, míle buíochas leis na tuismitheoirí agus le muintir an phobail a tháinig chuig an ócáid.

Tá súil ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir í a reáchtáil go bliantúil agus go mbeidh sí ag fás agus ag forbairt sna blianta amach romhainn.












# Lá 'le Pádraig 2023


























# Mionchomhlachtaí na hIdirbhliana (SPMD)

## *'Anseo Anois'*




Is muide "Anseo Anois", mionchomhlacht Gaeltachta ó Scoil Phobail Mhic Dara. Smaoinigh muid ar gheansaí spóirt a dhearadh le teachtaireacht thábhachtach ar a chúl. Ar ár ngeansaí tá cód QR a thugann chuig an suíomh mentalhealthireland.ie tú. Cuireann na focail "Anseo Anois" ar chúl an gheansaí in iúl do daoine go bhfuil duine sásta labhairt leo. Ní theastaíonn ach am, cluas éisteachta agus an duine a threorú chuig na seirbhísí cuí. Tá a fhios againn go bhfuil go leor fadhbanna ag daoine óga lena gcuid meabhairshláinte sa lá atá inniu ann. Tá go leor daoine óga páirteach i gcúrsaí spóirt agus cheap muid go mbeadh geansaí spóirt an-éifeachtach chun ár dteachtaireacht a scaipeadh. Ní amháin go bhfuil feachtas cruthaithe againn ach tá táirge taitneamhach á dhíol againn.



Tá muid fíor-bhuíoch do Phleanáil Teanga Chonamara Láir a thug urraíocht dúinn. Chabhraigh an t-airgead seo go mór linn. An mhí seo chaite d'fhreastail muid ag an gComórtas Réigiúnacha do mhionchomhlachtaí a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna. Rinne muid cur i láthair do na moltóirí agus do na comhlachtaí eile. D'éirigh go han-mhaith linn agus d'éirigh linn an duais don "Nuálaíocht" a bhaint amach. Tá muid tríd go dtí an comórtas náisiúnta a bheidh ar siúl i mí Aibreáin. Tá muid ag siúl go mór leis an gcomórtas ach tá go leor oibre le déanamh againn fós.
Má tá suim ag daoine geansaí a cheannach is féidir leo teagmháil a déanamh linn ar Instagram nó ríomhphoist a sheoladh chuig: anseoanois.teo@gmail.com



## *"Sudaí Chonamara'*

Dia Dhaoibh, is muide Sudaí Chonamara. Bhí muid sásta as an deis seo taithí a fháil agus a bheith i gceannas ar ár mionchomhlacht féin. Ba mhaith liom buíochas a glacadh le Pleanáil Teanga Chonamara Láir as an deontas a thug siad dúinn.



## *"Alt Teo.'*

Is muide Alt Teo. Tá comharthaí le frásaí Gaeilge orthu á ndíol againn. Tá dearaí éagsúla againn le cuir orthu. Is féidir ordú a sheoladh chugainn ar Instagram nó ar Facebook @alt_teo_657






## "Cuimhní Ag Fás"

Is muide "Cuimhní Ag Fás", mionchomhlacht Gaeltachta as Scoil Phobail Mhic Dara. Bhí muid ag iarradh táirge a chruthú a thabharfadh rud éigin ar ais don domhan agus don chomhshaol. Mar sin, smaoinigh muid ar chártaí déanta as síolta is féidir a chur agus fásann bláthanna fiáine astu.
Bhí muid ag iarradh táirge a bheadh daoine de gach aoisghrúpa in ann sásamh a bhaint as. Freisin, bhí sé an-tábhachtach dúinn mar ghrúpa an Ghaeilge a chur chun cinn. Cheap muid go bheadh cártaí foirfe chun é sin a dhéanamh.

An mí seo chaite d'fhreastail muid ag an gComórtas Réigiúnach do mhionchomhlachtaí i Seanscoil Sailearna. Rinne muid cur i láthair do na moltóirí agus do na comhlachtaí eile. D'éirigh go han-mhaith linn sa gcomórtas agus tá muid tríd go dtí an comórtas náisiúnta a bheidh ar siúl i mí Aibreáin.
Tá muid fíor-bhuíoch do PT Chonamara Láir as ucht urraíocht a thabhairt dúinn. Thug sé cúnamh dúinn an Ghaeilge a chuir chun cinn i mbealach speisialta agus spraíúil.
Is féidir na cártaí a ordú. Tá muid air Facebook agus Instagram @cuimhne.ag.fas má theastaíonn ó aon duine ordú a chur isteach!




## *Cuairt Aire Stáit na Gaeltachta Ionad na nImirceach*

D'fhógair an tAire Stáit nua na Gaeltachta, Patrick O' Donovan, an dea-scéala go hoifigiúil ar an 8ú Márta go bhfuil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag cur maoiniú de bheagnach €1milliún euro ar fáil d'Údarás na Gaeltachta ar mhaithe le forbairt bhreise a dhéanamh ar Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna, Co. na Gaillimhe

Tá sé i gceist go gcuirfear síneadh leis an bhfoirgneamh atá ann cheana féin, go bhfeisteofar amach Ionad Míniúcháin agus go bhforbrófar Gairdín Cuimhneacháin ag an Ionad.

Beidh an tIonad Míniúcháin Turasóireachta seo dírithe go sonrach ar dhiaspóra na Gaeltachta agus é mar acmhainn acusan agus ag a sliocht ó thaobh taighde ginealais de; beidh sé freisin ina áis tharraingteach do thurasóirí, suite ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin i gConamara.

Dúirt cathaoirleach sealadach Údarás na Gaeltachta, Mary Uí Chadhain:

*"Is fíor dhea-scéal é fógra an lae inniu do Ghaeltacht Chonamara agus go háirithe do phobal Iorras Aithneach. Is sampla é seo den fhorbairt is féidir a thabhairt chun críche, chun cabhrú le forbairt na turasóireachta i gceantair imeallacha Gaeltachta. Tá áit lárnach bainte amach cheana féin ag Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i saol an phobail in Iorras Aithneach. Leis an bhforbairt atá beartaithe, beidh an tIonad ina acmhainn agus in áis ag an bpobal áitiúil, ag Diaspóra na Gaeltachta agus ag turasóirí araon, agus cuirfidh sé go mór leis an táirge turasóireachta atá ar fáil i nGaeltacht Chonamara. "*






Tá an-áthas ar Chomhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe an tairiscint a fháil ar mhaithe le Seirbhís Ceantar Áitiúil a Sholáthar ar fud na Gaillimhe ar son an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá muid ag soláthar Seirbhís Ceantar Áitiúil i gcathair na Gaillimhe ar feadh 25 bliain anuas agus mar sin tá an-taithí againn agus tá muid ag tsnú go mór an seirbhís seo a fhorbairt anois i gContae na Gaillimhe chomh maith. Tá an-chur amach ag an CCG ar fhorbairt agus soláthar seirbhísí tacaíochta ar mhaithe le fostaíocht agus anuas ar sin, tá saineolas an Ballinasloe Jobs club ar fáil againn chomh maith chun cabhrú linn an seirbhís seo a chur chun cinn. Cuireann muid tacaíocht agus treoir ar fáil dóibh siúd atá ag lorg fostaíochta, traenáil nó deiseanna oideachais. Tá an seirbhís seo saor in aisce, ómósach agus dírithe ar an gcliant.

Cuireann ár Ráiteas Seirbhísí anseo thíos i láthair an réimse tacaíochtaí agus cabhair atá ar fáil dóibh siúd a bhaineann úsáid as an Seirbhís Ceantar Áitiúil agus an bealach a bheidh soláthar déanta ar na tacaíochtaí seo agus ar na prionsabail agus luachanna sin a chleachtann muid agus muid ag déileáil le cliaint.

**Ráiteas Seirbhís Chomhpháírtíocht na Gaillimhe maidir le Seirbhísí Ceantar Áitiúil**

**Prionsabail agus Luachanna**

Leanann ár n-eagraíocht príomh luachanna mar comhionannas, cearta daonna, éagsúlacht agus dínit. Beidh na luachanna seo á leanacht againn i gcónaí agus muid ag déileáil leatsa, ár gcliaint, agus mar sin cinnteoidh sé seo go mbeidh muid ag soláthar seirbhísí inrochtana atá ar ardchaighdeán agus a thugann tacaíocht duit agus tú ag dul ar aghaidh chun fostaíocht a bhaint amach. Ár bpríomh Sheirbhísí

§ Cruinniú leis an gcliant (duine ar dhuine) ar dtús – Is fáilte é an chéad chruinniú seo agus deis chun eolas a fháil ar an réimse tacaíochtaí atá ar fáil duit. Le chéile beidh muid ábalta fiosrú a dhéanamh ar do chuid scileanna, ullmhacht oibre, ábhar spéise agus na bacanna ar fhostaíocht.

§ Plean dul chun cinn Pearsanta - Cuirfidh muid Plean dul chun cinn pearsanta le chéile a fheileann duit féin, leagfar amach do chuid spriocanna traenála agus fostaíochta san bplean seo, chomh maith leis na bealaí is fearr chun iad a bhaint amach. Má bhíonn aon bhacanna ort agus tú ag lorg fostaíochta, beidh muid ábalta cúnamh a thabhairt duit an ceann is fearr a fháil orthu sin chomh maith.

§ Oideachas, Traenáil agus Taithí Oibre – Beidh muid ábalta cabhair a thabhairt duit oideachas, traenáil agus taithí oibre a aimsiú a bheidh mar chúltaca do na scileanna, cumais agus suimeanna atá agat cheana féin. Beidh treoir le fail ó na spriocanna a aontaíodh san Plean dul chun cinn Pearsanta

§ Scileanna Aimsiú Post – Cuirfidh muid tacaíocht ar leith ar fáil duit chun postanna a aimsiú. San áireamh anseo beidh réiteach CV, scileanna agallaimh agus eolas ar faoi suíomhanna idirlinn a bhaineann le aimsiú postanna.

§ Socrúcháin Fostaíochta agus Tacaíochtaí - Cuirfidh muid cúnamh ar fáil duit chun fostaíocht a aimsiú agus déanfaidh muid cinnte go mbeidh tú ullmhaithe chun tabhairt faoin saol oibre. Leanfaidh muid ar aghaidh ag cur tacaíochtaí ar fáil duit ar feadh an chéad tréimhse oibre.

§ Seirbhísí Digiteacha – Uaireanta, nuair is gá, bainfidh muid úsáid as ardáin dhigiteacha chun cruinnithe a bheidh againn le cliaint. Cabhróidh muid leat uirlisí dhigiteacha agus seirbhísí ar líne a úsáid chomh maith mar pháirt den traenáil agus na gníomhaíochtaí lorg fostaíochta.

§ Cruinnithe Athbhreithnithe – Eagróidh muid cruinnithe athbhreithnithe go rialta. Beidh muid ábalta ansin measúnú a dhéanamh sna cruinnithe seo ar dhul chun cinn do chuid spriocanna traenála agus fostaíochta.

***Tagann gach atreorúchán ón Roinn Coimirce Sóisialaí***

*Tabhair faoi deara le do thoil: Má tá tú ag fáil Íocaíocht Cuardaitheora Poist, d'fhéadfadh an Roinn Coimirce Sóisialaí tú a chur ar aghaidh chuig ár seirbhís má mheastar go bhfeileann sé seo.*

*Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár gcuid seirbhísí, déan teagmháil le d'Oifig Intreo áitiúil le do thoil.*

# Coirnéal Chomhrá




**Aoí na Míosa: Ciarán Ó Murchú (Cumann Seoltóireachta na hÉireann – Oifigeach Náisiúnta um Chuimsiú agus Leanaí)**

1. Aon ainm eile ar a bhfuil aithne ag daoine ort? Spud
2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort? Gabhla
3. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge? Is breá liom nuair a aimsím focail agus an bhrí atá taobh thiar díobh m.sh. Crann seoil = Crann = Tree = Iontach!
4. Céard é an béile is fearr leat? Bagún, cabáiste agus fataí
5. Céard é an boladh is fearr leat? Ní fhaighim boladh ar rud ar bith, faraor – dónn mé an dinnéar go minic dá bharr sin!
6. Cén bialann is mó a thaitníonn leat? Teach Ghlinnsce le haghaidh béile breá, pionta deas agus comhluadar maith.
7. Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint air faoi láthair? The Crown
8. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat? Seoltóireacht aonair i mbád seoil timpeall Chuan na Beirtrí Buí
9. An saoire is mó a thaitin leat & cén fáth? Coicís in Orlando le naoi nduine dhéag eile as Gabhla – an-chraic go deo
10. Cén cineál scannán a bhfuil suim agat iontu? Is breá liom The Hangover Tugaim cead do na gasúir breathnú air chomh maith, bíonn an-gháire againn
11. An bhfuil aon leabhar á léamh agat faoi láthair? The Kirsk – fíorscéal faoi fomhuireán Rúiseach ag dul faoi - bhí Putin gránna fiú nuair a thosaigh sé amach ina Uachtarán.
12. An noiméad den lá is fearr leat? 3.21pm – An nóiméad a thagann Clíona (m'iníon) abhaile ón scoile agus tosaíonn an spraoi i dteach s'againne.
13. An t-am den bhliain is fearr leat? Díreach roimh Ghrianstad an tSamhraidh an 21 Meitheamh – is breá liom an lá is faide den bhliain – bíonn an oiread le déanamh taobh amuigh.
14. An chomhairle is fearr a cuireadh ort: Nuair a bhí ár gcéad leanbh Caoilinn againn – dúirt an cógaiseoir "ní bheith do dhóthain sudocrem go brách agat" agus m'anam go raibh an ceart aige.



### *Comórtas Grianghrafadóireachta*

**Comhghairdeas mór le Páraic Bairéad a bhuaigh comórtas mhí Mhárta. Thóg sé an grianghraf deas seo den bhó i gCuillín, Carna.**

**Is é Simon Boyle, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, atá i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.**

**Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Aibreáin chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.**

## Logainm na Míosa:

Inis Treabhair:

Inis Creabhair (ainmnithe i ndiadh an chuileog nó an t-éan) an t-ainm dúchasach a bhí ar an oileán ach ba mhinic sa tseanaimsir an 'c' a athrú go 't' i gcanúint Chonnachta

(Eolas bailithe ó alt T.S. Ó Máille in Irisleabhar an Chumainn Seandálaíochta & Staire na Gaillimhe)

## Seanfhocal na Míosa:

Má fhaigheann an Márta na poill mhóna líonta, triomóidh sé iad is má fhaigheann sé tirim iad líonfaidh sé iad.

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**